



An Bhruiséal, 8 Márta 2021
(OR. en)

6694/1/21
REV 1

LIMITE

EF 92
ECOFIN 210
CONSOM 52

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le <i>Retail Payments Strategy for the European Union</i> [Straitéis Íocaíochtaí Miondíola don Aontas Eorpach]

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le *Retail Payments Strategy for the European Union* [Straitéis Íocaíochtaí Miondíola don Aontas Eorpach], mar a d'ullmhaigh an Coiste um Sheirbhísí Airgeadais iad agus mar a thug an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais chun críche iad an 4 Márta 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le
Retail Payments Strategy for the European Union [Straitéis Íocaíochtaí Miondíola
don Aontas Eorpach]**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS na feabhsuithe suntasacha arb iad an Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA) agus comhchuibhiú na reachtaíochta maidir le híocaíochtaí miondíola is cúis leo;
2. MEASANN SÍ go bhfuil, mar thoradh ar theacht chun cinn réiteach nua íocaíochta, roinnt dúshlán beartais roimh an Aontas, ó thaobh rialála agus maoirseachta de, go háirithe maidir le slándáil, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas, cosaint sonraí, frithsciúradh airgid agus comhrac mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (AML/CFT);
3. AITHNÍONN SÍ go bhfuil cosaint láidir tomhaltóirí, chomh maith le réitigh áisiúla ar phraghas leordhóthanach, ar na nithe is tábhachtaí maidir le réitigh íocaíochta a ghlacadh, agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil sé fíorthábhachtach, chun spriocanna straitéiseacha an Aontais Eorpaigh i réimse na n-íocaíochtaí miondíola a bhaint amach, go ndíreofar go tréan ar chosaint na dtomhaltóirí;

4. IS CÚIS IMNÍ DI na srianta a d'fhéadfadh a bheith ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta de bharr oibreoirí bonneagar teicniúil, srianta a fhágann go bhféadfadh leochaileachtaí suntasacha a bheith in éiceachóras íocaíochtaí na hEorpa, ag cur bac ar an iomaíocht, ar an nuálaíocht agus ar theacht chun cinn réiteach íocaíochta uile-Eorpach.
5. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil méadú gasta ar sheoltáin dhomhanda ag gabháil le sreabha imirce;
6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur dearbhaíodh le paidéim COVID-19 a fhíorthábhachtaí atá modhanna íocaíochta digiteacha atá sábháilte, inrochtana agus áisiúil do chian-idirbhearta agus d'idirbhearta aghaidh ar aghaidh, agus AITHNÍONN SÍ, ag an am céanna, go bhfuil airgead tirim fós tábhachtach, i bhformhór na mBallstát, in íocaíochtaí miondíola, go háirithe i gcás codanna áirithe den daonra;
7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE maidir le formhór na réiteach íocaíochta intíre atá bunaithe ar chártaí nó íocaíochtaí meandracha, nach n-oibríonn na réitigh sin thar theorainneacha faoi láthair, rud a d'fhéadfadh a bheith ina bhac ar íocaíochtaí trasteorann i siopaí agus sa ríomhthráchtáil; MEASANN SÍ go gcuireann an easpa idir-inoibritheachta idir réitigh, scéimeanna agus bonneagair náisiúnta atá ann cheana, a bhaineann freisin leis an easpa comhchaighdeán ar fud an Aontais i réimsí áirithe, le hilroinnt i margadh íocaíochtaí miondíola an Aontais;
8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil roinnt forbairtí nua poiblí agus príobháideacha ann le déanaí, chun go nglacfar bonneagair, scéimeanna agus rialacha coiteanna Eorpacha;

9. I bhfianaise go bhféadfadh neamhréireachtaí tarlú agus tuilleadh ilroinnte sa mhargadh, AONTAÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach fis shoiléir a fhorbairt agus gníomhaíochtaí amach anseo a chur faoi chreat beartais aonair comhleanúnach uileghabhálach, agus AITHNÍONN SÍ, ag an am céanna, go bhfuil an tAontas ina mhargadh aonair a bhfuil airgeadraí éagsúla ann, agus nach ionann rogha na dtomhaltóirí ó Bhallstáit go chéile;
10. MEASANN SÍ gur cheart margadh íocaíochtaí miondíola an Aontais a bheith iomaíoch, nuálach, cuimsitheach agus bunaithe ar bhonneagair shábháilte, éifeachtúla agus inrochtana, a thacóidh le ceannasacht eacnamaíoch agus airgeadais na hEorpa;
11. MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ón gComhairle maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, (arna bhformheas ag an gComhairle i nós imeachta i scríbhinn ar tháinig deireadh leis an 5 Samhain 2020)¹.
12. AITHNÍONN SÍ go bhfuil, mar thoradh ar shainiúlachtaí, agus ar luas agus scála an athraithe theicneolaíoch in earnáil na n-íocaíochtaí, bearta beartais sonracha spriocdhírithe de dhíth a théann thar raon feidhme cothrománach na straitéise airgeadais dhigitigh² agus, dá bhrí sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht an-chuimsitheach ón gCoimisiún maidir le *Retail Payments Strategy for the European Union* [Straitéis Íocaíochtaí Miondíola don Aontas Eorpach];

¹ 12608/20

² 11048/20

13. AONTAÍONN SÍ leis na ‘colúin’ le haghaidh gníomhaíocht straitéiseach a sainaithníodh agus atá idirnasctha go dlúth, ina mbreathnaítear ar (1) réitigh uile-Eorpacha íocaíochta a bheith ag éirí níos digití agus níos meandraí i rith an ama, (2) saincheistean maidir le nuálaíocht agus iomaíochas, (3) gnéithe rochtana, éifeachtúlachta agus idir-inoibritheachta na gcóras miondíola íocaíochta agus bonneagair tacaíochta eile, agus (4) an ghné idirnáisiúnta, agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS, go háirithe, na cuspóirí maidir le cur chun cinn úsáid fhorleathan na n-íocaíochtaí meandracha, mar aon le réitigh íocaíochta eile, uirlis reachtach a bheith ann lena bhféadfaí dul i ngleic leis na dúshlán a bhaineann leis an aistriú i dtreo na digiteála, agus éiceachóras íocaíochta cuimsitheach, sábháilte, athléimneach, oscailte a chur chun cinn;
14. MEABHRAÍONN SÍ don Choimisiún, ós rud é gur straitéis mheántéarmach é sin, nach mór meastóireacht chuí a dhéanamh uirthi ar bhonn leanúnach, agus í a thabhairt cothrom le dáta nuair is ábhartha, go háirithe toisc nach ionann staid na himeartha ó Bhallstát go chéile;

Réitigh íocaíochta atá ag éirí níos digití agus níos meandraí i rith an ama

15. MEASANN SÍ go bhféadfadh sé go mbeadh gá le gníomhaíocht reachtach chun forleanúint do scéim SEPA um Aistriú Meandrach Creidmheasa (SCT Inst.) agus feidhmiúlachtaí breise na scéime (e.g. iarrataí ar íocaíocht, cóid QR agus seachsheirbhísí cuardaigh) a chur chun cinn, agus go bhféadfaí bealaí eile a fhiosrú chun glacadh na scéime a chur chun cinn, trí ghíaráil a dhéanamh freisin ar bhonneagar atá ar fáil cheana féin, eadhon Socrú Íocaíochta Meandraí TARGET (TIPS), agus dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gníomhú, tar éis measúnú tionchair a dhéanamh má theastaíonn sin, ar bhealach céimneach comhréireach, agus an raon feidhme iomchuí agus díolúintí ábhartha á gcur san áireamh aige go cuí;

16. IS DÍOL SÁSAIMH DI go dtugtar tús áite d'iontaoibh na dtomhaltóirí agus na ngnólachtaí a fheabhsú, go mór mór in íocaíochtaí meandracha, go sonrach trí ghnéithe a bhaineann le cosaint na dtomhaltóirí a mheasúnú, go háirithe feidhmiúlacht um dhearbhu íocaí, agus measúnú cuí á dhéanamh ag an am céanna ar na dúshláin maidir le AML/CFT, cosaint sonraí chomh maith le rioscaí oibríochtúla, dliteanais agus leachtachta do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta agus do bhonneagair a eascraíonn as íocaíochtaí meandracha;
17. TACAÍONN SÍ le hiarrachtaí an Choimisiúin forbairt réiteach uile-Eorpach a chothú, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith roimh ghníomhaithe ar mian leo réitigh uile-Eorpacha a thairiscint agus deireadh a chur le bacainní díréireacha maidir le glacadh íocaíochtaí meandracha agus íocaíochtaí digiteacha eile ag ceannaithe agus tomhaltóirí ag an bpointe idirghníomhaíochta, agus na tairbhí do na húsáideoirí deiridh á mbreithniú ag an am céanna aige;
18. AONTAÍONN SÍ gur cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta sáruihte ar Rialachán SEPA a imscrúdú agus a leigheas go tapa;
19. AONTAÍONN SÍ go bhféadfaí clárú, sainaithint agus fíordheimhniú na n-úsáideoirí in íocaíochtaí, go háirithe thar theorainneacha, a éascú a thuilleadh trí chreat idir-inoibritheach an Aontais um shainaithint leictreonach (eID) a fheabhsú, arna shonrú i Rialachán eIDAS, in éineacht le comhchuibhiú cuí a dhéanamh ar na nósanna imeachta 'bíodh aithne agat ar do chustaiméirí', agus AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé faireachán leanúnach a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar theicneolaíochtaí nua sa réimse sin.

20. MOLANN SÍ staidéar a ullmhú maidir leis an leibhéal ar a nglactar le híocaíochtaí digiteacha, sula ndéanfar aon togra reachtach a fhorbairt chun an leibhéal sin a mhéadú, agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS ag an am céanna go bhfuil difríochtaí suntasacha ann maidir leis sin ar fud an Aontais;
21. AITHNÍONN SÍ go bhfuil ról ríthábhachtach fós ag airgead tirim in íocaíochtaí miondíola, lena n-áirítear dóibh siúd atá eisiata ar bhonn airgeadais nó digiteach agus, i gcásanna áirithe, mar choimirce i gcás mífheidhmeanna i gcórais agus i mbonneagair íocaíochta, agus gur cheart íocaíochtaí in airgead tirim agus íocaíochtaí digiteacha araon a bheith ar fáil go forleathan agus go nglacfaí leo, mar fhreagairt ar éileamh agus ar roghanna úsáideoirí;
22. MOLANN SÍ go ndéanfar an litearthacht dhigiteach agus airgeadais a chur chun cinn chun dul i ngleic le riosca an eisiaimh airgeadais, agus AONTAÍONN SÍ gur cheart a áirithiú nach mbeidh sé mar thoradh ar bhealaí cur chuige chun fíordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm go n-eisiafar catagóirí áirithe úsáideoirí seirbhísí íocaíochta (USInna);
23. AITHNÍONN SÍ na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag roinnt le hairgeadraí digiteacha na mbanc ceannais (CBDC), lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le digiteáil an gheilleagair agus ceannasacht an Aontais, agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS castacht na saincheiste sin agus a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí anailís chúramach chríochnúil ar na drochéifeachtaí ionchasacha, go háirithe ar shamhlacha gnó idirghabhálaithe airgeadais agus soláthraithe seirbhísí eile, ar an gcobhsaíocht airgeadais, ar an mbeartas airgeadaíochta, ar chosaint sonraí agus ar phríobháideacht;

24. Sa chomhthéacs sin, TACAÍONN SÍ leis an obair a dhéanann an Eurochóras maidir le hairgeadra digiteach bainc ceannais miondíola euro (nó ‘euro digiteach’) agus AITHNÍONN SÍ an ról tábhachtach atá ag an gCoimisiún agus ag an nGrúpa Euro maidir lena fhorbairt, agus na róil agus na sainorduithe faoi seach dá bhforáiltear sna Conarthaí á gcur san áireamh agus trédhearcacht iomlán á háirithiú do na Ballstáit sin nach bhfuil sa limistéar euro;

Saincheistean na nuálaíochta agus iomaíochais

25. IS DÍOL SÁSAIMH DI athbhreithniú cuimsitheach ar chur chun feidhme an Dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta (PSD2), tar éis í a chur i bhfeidhm go hiomlán agus aird á tabhairt ar na dúshlán a thagann chun cinn agus í á cur chun feidhme, ag díriú go háirithe ar an méid seo a leanas a mheasúnú: i) a iomchuí atá an raon feidhme (lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le soláthraithe seirbhíse teicniúla), agus an gá atá le soiléiriú breise ar choincheapa agus ar rialacha atá ann cheana; ii) an idirghníomhaíocht le reachtaíocht eanála eile, go háirithe an Treoir um Airgead Leictreonach, an Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid, RGCS mar aon le forbairtí leanúnacha reachtacha; iii) an éabhlóid go dtí ‘baincéireacht oscailte’, láimhseáil na rioscaí a bhaineann le príobháideacht, agus an t-idirghníomhú le treoirlínte EDPB ina leith sin; iv) tionchar na teorach ar an iomaíocht, lena n-áirítear an ról méadaitheach atá ag Big Tech agus FinTech; v) a éifeachtaí atá an treoir chun calaois a theorannú agus chun cosaint na dtomhaltóirí a fheabhsú, lena n-áirítear fíordheimhniú láidir custaiméara (FDLC);

26. TUGANN SÍ DÁ hAIRE rannchuidiú na baincéireachta oscailte le margadh nuálach iomaíoch, agus TACAÍONN SÍ le hiarrachtaí breise ionsar idir-inoibritheacht comhéadan feidhmchláir (API) agus chun a mheas an bhféadfaí a áirithiú, le tuilleadh caighdeánaithe, go mbainfear lánacmhainneacht na baincéireachta oscailte amach, agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS, ag an am céanna, a thábhachtaí atá sé USInna a chumasú úsáid a gcuid sonraí a rialú go héasca;
27. MEASANN SÍ go bhféadfadh maoiniú oscailte dlús breise a chur leis an nuálaíocht agus gur cheart, dá bhrí sin, é a chur san áireamh go cuí, agus cothrom iomaíochta agus leibhéal leordhóthanach cosanta do thomhaltóirí á n-áirithiú ag an am céanna, agus na ceachtanna a foghlaimíodh ó PSD2, na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann ar shamhlacha gnó idirghabhálaithe airgeadais agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann (e.g. rioscaí a bhaineann le príobháideachtas) á gcur san áireamh;
28. MEASANN SÍ go bhfuil sé tábhachtach féachaint i gcónaí leis an gcothromaíocht cheart a aimsiú idir rioscaí calaoise agus an áisiúlacht. Sa chomhthéacs sin, TACAÍONN SÍ go háirithe le meastóireacht a dhéanamh ar na teorainneacha dlíthiúla atá ar íocaíochtaí éadadhaill cheana agus a dhéanamh ar fheachtais chun feasacht na dtomhaltóirí a mhúscailt, agus an taithí a fuarthas le déanaí le linn phaindéim COVID-19 á cur san áireamh;
29. AONTAÍONN SÍ go bhfuil gá le bearta chun níos mó comhsheasmhachta a áirithiú agus cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de sna píosaí éagsúla reachtaíochta maidir le híocaíochtaí miondíola, ionas go mbeidh cothrom iomaíochta san Aontas maidir le seirbhísí íocaíochta a sholáthar, a mhaoirsiú agus a fhormhaoirsiú; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an ról atá ag na gníomhaithe éagsúla san éiceachóras íocaíochtaí, amhail soláthraithe seirbhíse teicniúla, a mheasúnú agus iad a rialáil nuair is gá;

Gnéithe rochtana agus idir-inoibritheachta

30. TACAÍONN SÍ le síneadh ar raon feidhme na Treorach maidir le Críochnaitheacht Socraíochta (SFD) chun institiúidí ríomhairgid agus íocaíochta a áireamh ann, ar choinníoll go ndéantar measúnú cúramach ar na rioscaí ionchasacha agus go maolaítear iad ar bhealach leordhóthanach;
31. TACAÍONN SÍ le gníomhaíocht reachtach chun ceart rochtana a fháil, faoi choinníollacha cothroma, réasúnacha agus neamh-idirdhealaitheacha, ar bhonneagair theicniúla a mheastar a bheith riachtanach chun tacú le soláthar seirbhísí íocaíochta amhail cumarsáid neasréimse (NFC);

An ghné idirnáisiúnta

32. MEASANN SÍ go bhfuil tionscnaimh bhreise chun naisc a éascú idir córais íocaíochta meandraí agus córais eile íocaíochta digití ar an leibhéal domhanda, lena n-áirítear iad siúd lena gcuirtear san áireamh na moltaí agus na caighdeáin a fhorbraítear i bhfóraim idirnáisiúnta, ábhartha chun an costas ar aistriú airgid thar theorainneacha a laghdú agus chun cur le luas agus áisiúlacht an aistrithe sin, agus á áirithiú ag an am céanna go gcomhlíonfar creataí AML/CFT;
33. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an iliomad bacainní atá le sárú sa réimse seo, go háirithe na cleachtais rialála éagsúla i measc dlínsí, doiléire na dtáillí agus easpa idir-inoibritheachta na mbonneagar TF agus íocaíochta, agus TACAÍONN SÍ le naisc a éascú nuair a dhéanann dlínsí tríú tír leibhéil iomchuí de chosaint na dtomhaltóirí, de chosc calaoise, de AML/CFT agus de chomhlíonadh cheanglais RGCS a chur ar fáil;

34. MOLANN SÍ go nglacfar caighdeán domhanda ISO 20022 chun gur fusa a bheidh sé sonraí níos saibhre a chuimsiú i dteachtaireachtaí íocaíochta, agus é á aithint ag an am céanna go mbeidh sé dúshlánach deireadh a chur le híocaíochtaí idirnáisiúnta faoi dheireadh na bliana 2022;
35. AONTAÍONN SÍ go bhféadfaí measúnú cúramach a dhéanamh, i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar PSD2, ar an uastréimhse forghníomhaithe is infheidhme faoi láthair maidir le hidirbhearta aonchéime a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta dhá chéim agus ar na dúshláin a ghabhann leis sin, agus aird á tabhairt ar na hiarmhairtí, go háirithe maidir le dliteanas, do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta atá lonnaithe laistigh den Aontas agus a sheolann cistí chuig tríú tíortha;
36. TACAÍONN SÍ le tionscnaimh phoiblí agus phríobháideacha i mBallstáit éagsúla a bhfuil seoltáin níos tapúla, níos saoire agus níos áisiúla mar thoradh orthu, i gcomhréir le caighdeáin cosanta tomhaltóirí, coisc calaoise, AML/CFT agus RGCS;
37. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún rochtain ar chuntais íocaíochta agus forbairt réiteach íocaíochta a bheidh idir-inoibritheach ar fud an domhain a chur chun cinn i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim, agus faoi chuimsiú bheartas forbartha an Aontais.